Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2024
(OR. en)

10645/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0265(COD)**

CODEC 1426
TRANS 271
CLIMA 228
ENV 581
COMPET 615
PE 161

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 96/53/EC ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Márta 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Isabel GARCÍA MUÑOZ (S&D, ES), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ina raibh 51 leasú (leasuithe 1 go 51) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir na Glasaigh/an grúpa SCE 9 leasú síos (leasuithe 52 go 60) agus chuir roinnt feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla 5 leasú síos (leasuithe 61 go 65).

## II. VÓTÁIL

Nuair a chaith sé vóta an 12 Márta 2024, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 51 ar an togra le haghaidh Treorach. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0126

## Feithiclí bóthair: meáchain agus toisí uasta

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/EC ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (COM(2023)0445 – C9-0306/2023 – 2023/0265(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0445),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0306/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Deireadh Fómhair 2023[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0047/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2024/895, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/895/oj.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir éifeachtúlacht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil, cosaint an bhonneagair ***bóithre*** agus gnéithe sábháilteachta ar bhóithre. | (4) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir éifeachtúlacht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil, cosaint an bhonneagair ***bóthair*** agus gnéithe sábháilteachta ar bhóithre. ***Thairis sin, chun comhleanúnachas reachtach agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an Treoir seo a ailíniú chomh dlúth agus is féidir leis na caighdeáin CO2 le haghaidh feithiclí tromshaothair agus leis an Treoir maidir le hIompar Traschórais.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Tá sé i gceist leis an Treoir seo iomaíochas na hearnála iompair de bhóthar a fheabhsú trí oibríochtaí iompair níos costéifeachtúla agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus tríd an idirmhódúlacht a spreagadh. Cé go mbeidh laghdú ar na ciliméadair feithicle a thiomáinfear mar thoradh ar na forálacha nua, táthar ag dréim go*** |

***leanfaidh an géarghanntanas tiománaithe san Aontas de bheith ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas sin, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar dhálaí oibre do thiománaithe feithiclí tromshaothair Cuireann an easpa limistéir páirceála ar ardchaighdeán do thrucailí san Aontas leis an meath ar dhálaí oibre na dtiománaithe trucaile, rud atá ina fhadhbh go háirithe le linn turais fadraoin.***

***Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sin agus chun feabhas a chur ar tharraingteacht na hearnála, níor cheart go mbainfeadh na toisí méadaithe is gá chun teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a shuiteáil i bhfeithiclí den spás cábáin leordhóthanach agus ba cheart dóibh compord na dtiománaithe a fheabhsú. I gcás inar féidir, ba cheart coincheapa lena gcumasaítear spás breise sna cábáin chun saoráidí sláintíochta a shuiteáil ar bord a fhiosrú agus a dhreasú.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun comhthuiscint agus cur chun feidhme aonfhoirmeach fhorálacha na Treorach seo sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta a áirithiú, is gá a shoiléiriú ***nach bhfuil feidhm uathoibríoch ag na*** maoluithe ***náisiúnta*** ó theorainneacha meáchan agus toisí ceadaithe uasta áirithe le haghaidh cineálacha áirithe ***feithiclí ag gluaiseacht sa trácht náisiúnta maidir le*** feithiclí ***a úsáidtear in*** oibríochtaí | (7) Chun comhthuiscint agus cur chun feidhme aonfhoirmeach fhorálacha na Treorach seo sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta a áirithiú, is gá a shoiléiriú ***go bhfuil*** maoluithe ***sonracha ann faoi láthair, ar bhonn comhthuiscintí déthaobhacha idir Ballstáit chomharsanachta,*** ó theorainneacha meáchan agus toisí ceadaithe uasta áirithe le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí |

| | |
|---|---|
| ***trasteorann.*** | ***speisialaithe a mbíonn*** oibríochtaí ***iompair ar siúl acu, ar cheart iad a choinneáil fad is nach ndéanann siad difear d'iomaíochas idirnáisiúnta*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Iompar ualaí doroinnte, is cuid thábhachtach den mhargadh é atá nasctha le réimsí straitéiseacha an fhuinnimh in-athnuaite, na hinnealtóireachta sibhialta agus an bhonneagair, na hola agus an gháis, an tionscail throm agus na giniúna cumhachta. In ainneoin luach aitheanta na dTreoirlínte Eorpacha don Dea-Chleachtas maidir le hIompar Neamhghnách atá ann cheana, arna nglacadh ag saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, is beag dul chun cinn atá déanta i dtreo simpliú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le ceadanna a fháil chun ualaí doroinnte a iompar. Gan dochar do cheart na mBallstát na coinníollacha is gá a bhunú chun iompar sábháilte ualaí doroinnte ar a gcríocha a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú chun na ceanglais sin a chomhchuibhiú, a mhéid is féidir, ar mhaithe le hiolrú coinníollacha éagsúla a fhónann don chuspóir céanna a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil na ceanglais náisiúnta comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach ndéanann siad ceanglais gan údar a fhorchur, amhail líofacht i dteanga náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú agus chun | (8) Iompar ualaí doroinnte, is cuid thábhachtach den mhargadh é atá nasctha le réimsí straitéiseacha an fhuinnimh in-athnuaite, na hinnealtóireachta sibhialta agus an bhonneagair, na hola agus an gháis, an tionscail throm agus na giniúna cumhachta. In ainneoin luach aitheanta na dTreoirlínte Eorpacha don Dea-Chleachtas maidir le hIompar Neamhghnách atá ann cheana, arna nglacadh ag saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, is beag dul chun cinn atá déanta i dtreo simpliú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le ceadanna a fháil chun ualaí doroinnte a iompar. Gan dochar do cheart na mBallstát na coinníollacha is gá a bhunú chun iompar sábháilte ualaí doroinnte ar a gcríocha a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú chun na ceanglais sin a chomhchuibhiú, a mhéid is féidir, ar mhaithe le hiolrú coinníollacha éagsúla a fhónann don chuspóir céanna a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil na ceanglais náisiúnta comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach ndéanann siad ceanglais gan údar a fhorchur, amhail líofacht i dteanga náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú agus chun |

| | |
|---|---|
| oibríochtaí éifeachtúla, cothroma agus sábháilte a áirithiú, tá sé ríthábhachtach córas trédhearcach, comhchuibhithe, so-úsáidte a chur ar bun chun ceadanna a fháil. | oibríochtaí éifeachtúla, cothroma agus sábháilte a áirithiú, tá sé ríthábhachtach córas trédhearcach, comhchuibhithe, so-úsáidte a chur ar bun chun ceadanna a fháil***, atá ar fáil i ngach teanga de chuid an Aontais agus ar féidir rochtain éasca a dhéanamh air trí mhodhanna cumarsáide leictreonacha***. ***Ba cheart na ceadanna sin a eisiúint i bhformáid leictreonach agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar an doiciméad um Chlárú Speisialta Eorpach Trucailí agus Leantóirí (SERT), a bhfuil sé mar aidhm leis faisnéis theicniúil ar fheithiclí, amhail clárú leantóirí nó leantóirí modúlacha, a chomhchuibhiú. Ba cheart go gceadófaí d'oibreoirí iompair oibríochtaí iompair ualaí doroinnte a dhéanamh leis an doiciméad leictreonach seo.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Baineadh úsáid as Córais Mhodúlacha Eorpacha (EMS) agus rinneadh iad a thriail go mion agus is léir gur réiteach spéisiúil iad chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht eacnamaíoch agus fuinnimh oibríochtaí iompair, agus sábháilteacht ar bhóithre agus cosaint an bhonneagair á n-áirithiú an tráth céanna, a bhuí lena bheith teoranta do chodanna leordhóthanacha de na gréasáin bhóithre. I bhfianaise sainiúlachtaí náisiúnta, leasanna eacnamaíocha éagsúla, riachtanais iompair agus toilleadh bonneagair iompair éagsúla sna Ballstáit, is iad is fearr atá in ann cúrsaíocht EMS ar a gcríocha a mheasúnú agus a údarú. An | (9) Baineadh úsáid as Córais Mhodúlacha Eorpacha (EMS) agus rinneadh iad a thriail go mion agus is léir gur réiteach spéisiúil iad chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht eacnamaíoch agus fuinnimh oibríochtaí iompair, agus sábháilteacht ar bhóithre agus cosaint an bhonneagair á n-áirithiú an tráth céanna, a bhuí lena bheith teoranta do chodanna leordhóthanacha de na gréasáin bhóithre. I bhfianaise sainiúlachtaí náisiúnta, leasanna eacnamaíocha éagsúla, riachtanais iompair agus toilleadh bonneagair iompair éagsúla sna Ballstáit, is iad is fearr atá in ann cúrsaíocht EMS ar a gcríocha a mheasúnú agus a údarú***. Roimh*** |

tráth céanna, chun na tionchair dhearfacha shocheacnamaíocha agus chomhshaoil a bhaineann le húsáid EMS a mhéadú, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha ar a n-úsáid in oibríochtaí trasteorann idir Ballstáit chomharsanachta a cheadaíonn cónaisc feithiclí den sórt sin ar a gcríocha, gan teorainn ar líon na dteorainneacha a thrasnaítear a fhad agus a chomhlíonann siad na meáchain agus na toisí údaraithe uasta le haghaidh EMS arna mbunú ag na Ballstáit laistigh dá gcríocha féin. Déantar sin chun a áirithiú go gcomhlíonann EMS a úsáidtear in oibríochtaí trasteorann an chomhteorainn meáchain agus toise is ísle le haghaidh EMS is infheidhme sna Ballstáit sin. Ar mhaithe le sábháilteacht oibríochtaí, trédhearcacht agus soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart coinníollacha coiteanna a bhunú maidir le cúrsaíocht EMS sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta, ***lena n-áirítear*** faisnéis shoiléir ***a sholáthar*** maidir leis na teorainneacha meáchain agus toisí le haghaidh EMS ***agus*** maidir le codanna den ghréasán bóithre atá comhoiriúnach le sonraíochtaí na bhfeithiclí sin, ***agus*** faireachán a dhéanamh ar thionchar úsáid EMS ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar ***bóithre***, ar chomhar módach, chomh maith le tionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear an tionchar ar an gcion módach.

***EMS a údarú, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh roimh ré ar bhealaí nua maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shábháilteacht ar bhóithre, ar bhonneagar, ar chomhar módúil, ar an gcion módúil agus ar an gcomhshaol***. An tráth céanna, chun na tionchair dhearfacha shocheacnamaíocha agus chomhshaoil a bhaineann le húsáid EMS a mhéadú, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha ar a n-úsáid in oibríochtaí trasteorann idir Ballstáit chomharsanachta a cheadaíonn na cónaisc feithiclí sin ar a gcríocha, gan teorainn ar líon na dteorainneacha a thrasnaítear a fhad agus a chomhlíonann siad na meáchain agus na toisí údaraithe uasta le haghaidh EMS arna mbunú ag na Ballstáit laistigh dá gcríocha féin. Déantar sin chun a áirithiú go gcomhlíonann EMS a úsáidtear in oibríochtaí trasteorann an chomhtheorainn mheáchain agus toise is ísle le haghaidh EMS is infheidhme sna Ballstáit sin. Ar mhaithe le sábháilteacht oibríochtaí, trédhearcacht agus soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart coinníollacha coiteanna a bhunú maidir le cúrsaíocht EMS sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta***. Ba cheart a áirithiú leis na coinníollacha sin, inter alia, go scaiptear EMS ar bhóithre ina ráthaítear sábháilteacht úsáideoirí soghonta bóithre. Ba cheart do na Ballstáit*** faisnéis shoiléir a ***sholáthar*** maidir leis na teorainneacha meáchain agus toisí le haghaidh EMS ar chodanna den ghréasán bóithre atá comhoiriúnach le sonraíochtaí na bhfeithiclí sin***. Ba cheart do na Ballstáit córas*** faireacháin ***a bhunú chun measúnú a*** dhéanamh ar thionchar úsáid EMS ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar bóithre, ar chomhar modúil, chomh maith le tionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear an tionchar ar an gcion módúil. ***Ráthaítear leis an***

***sainmhíniú soiléir ar EMS sa Treoir seo go bhfuil EMS comhdhéanta d'aonaid chaighdeánacha feithiclí chun comhoiriúnacht le modhanna iompair eile, go háirithe iompar d'iarnród, a áirithiú. Chun an t-aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a spreagadh go héifeachtach, ba cheart EMS a bhíonn ag gabháil do thrácht idirnáisiúnta a bheith, a luaithe is indéanta go teicniúil agus go hoibríochtúil, comhdhéanta d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha nó de chónaisc feithiclí astaíochtaí nialasacha.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Chun sábháilteacht ar bhóithre agus dálaí oibre cuí a uasmhéadú, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh oiliúint leordhóthanach agus na cáilíochtaí is gá ag tiománaithe EMS chun feithiclí agus cónaisc feithiclí níos troime agus níos faide a láimhseáil. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit íoscheanglais nó scéim deimhniúcháin a bhunú do thiománaithe EMS. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú lena bhforáiltear do chóir chomhionann, agus neamh-idirdhealú, do thiománaithe agus d'oibreoirí EMS, ba cheart do na Ballstáit a ráthú go n-aithneofar na deimhnithe sin go frithpháirteach sna Ballstáit lena mbaineann.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Ba cheart bailiú sonraí maidir le sábháilteacht ar bhóithre sna Ballstáit, lena n-áirítear cion na mbásanna agus na ngortuithe ó imbhuailtí, a bheith i gceist leis na rialacha comhchuibhithe nua maidir le EMS i dtrácht náisiúnta agus idirnáisiúnta sna Ballstáit lena gceadaítear iad a chur i gcúrsaíocht. Agus é á chur san áireamh gurb iad úsáideoirí soghonta bóithre iad na híospartaigh i nach mór aon trian de na básanna in imbhuailtí a bhaineann le feithiclí tromshaothair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh tionchar ag EMS ar an tsábháilteacht ar bhóithre, go háirithe sábháilteacht úsáideoirí bóthair soghonta amhail coisithe agus rothaithe chomh maith le gluaisrothaithe agus daoine a bhfuil míchumas orthu nó a bhfuil a soghluaisteacht agus a dtreoshuíomh laghdaithe.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Maidir le hiompar ualaí doroinnte a dhéanann feithiclí nó cónaisc feithiclí ar mó iad ná na meáchain nó toisí uasta agus úsáid EMS, i bhfianaise a riachtanas le haghaidh gnéithe sábháilteachta breise | (11) Maidir le hiompar ualaí doroinnte a dhéanann feithiclí nó cónaisc feithiclí ar mó iad ná na meáchain nó toisí uasta agus úsáid EMS, i bhfianaise a riachtanas le haghaidh gnéithe sábháilteachta breise |

agus le haghaidh bonneagar oiriúnach, ní mór aird ar leith a thabhairt ar eilimintí amhail trédhearcacht na faisnéise ábhartha, deimhneacht dhlíthiúil agus comhchuibhiú na bpróiseas ceada. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit córas leictreonach faisnéise agus cumarsáide aonair a bhunú ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na coinníollacha oibríochtúla agus riaracháin a bhaineann le hualaí doroinnte a iompar agus EMS a úsáid, ar bhealach atá soiléir agus inrochtana go héasca. Ba cheart go gcuirfeadh an córas náisiúnta sin ar a gcumas do na hoibreoirí an fhaisnéis a fháil agus an t-iarratas a chur isteach go leictreonach, i bhformáid chaighdeánaithe, ar cheadanna speisialta chun ualaí doroinnte a iompar sa Bhallstát lena mbaineann.

agus le haghaidh bonneagar oiriúnach, ní mór aird ar leith a thabhairt ar ghnéithe amhail trédhearcacht na faisnéise ábhartha, deimhneacht dhlíthiúil agus comhchuibhiú na bpróiseas ceada. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit córas leictreonach faisnéise agus cumarsáide aonair a bhunú ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na coinníollacha oibríochtúla agus riaracháin a bhaineann le hualaí doroinnte a iompar agus EMS a úsáid, ar bhealach atá soiléir agus inrochtana go héasca. Ba cheart go gcuirfeadh an córas náisiúnta sin ar a gcumas do na hoibreoirí an fhaisnéis a fháil agus an t-iarratas a chur isteach go leictreonach, i bhformáid chaighdeánaithe ***de chuid an Aontais***, ar cheadanna speisialta chun ualaí doroinnte a iompar sa Bhallstát lena mbaineann. ***Ina theannta sin, ba cheart don chóras náisiúnta sin faisnéis a sholáthar maidir le meáchain agus toisí údaraithe uasta náisiúnta na bhfeithiclí agus na gcónasc feithiclí agus maidir le srianta féideartha, go háirithe maidir le hairde. Chun a áirithiú gur féidir le hoibreoirí agus saoránaigh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ábhartha uile in aon áit amháin, ba cheart don Choimisiún tairseach gréasáin Eorpach tiomnaithe a bhunú lena nascfar na córais náisiúnta leictreonacha agus chumarsáide agus lena soláthrófar, i measc nithe eile, forléargas grafach soiléir ar na bóithre ar a gceadaítear do EMS, agus, i gcás ina mbeidh rochtain orthu, d'fheithiclí a iompraíonn ualaí doroinnte, a bheith i gcúrsaíocht sna Ballstáit ábhartha, faoin [6 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo] ar a dhéanaí.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Na bacainní saorga ar iompar trasteorann leoraithe níos troime a úsáidtear go príomha in iompar fadraoin (amhail cónaisc feithiclí a bhfuil 5 nó 6 acastóir acu), ba cheart iad a bhaint ar bhealach comhchuibhithe chun leas a bhaint sa ghearrthéarma as an éifeachtúlacht oibríochtúil, fuinnimh agus comhshaoil a bhaineann leis an acmhainn níos mó lastála a dheonaíonn na Ballstáit, lena n-áirítear le haghaidh iompar idirmhódúil. Chun an t-aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn go héifeachtach***,*** is gá deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na leoraithe níos troime sin a oibrítear ar bhreoslaí iontaise, ó 2035 ar aghaidh, ***is é sin nuair a mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon*** na HDVanna astaíochtaí nialasacha ***go dtí thart ar 50 % de chlárúcháin HDVanna nua ar an margadh***. Tar éis deireadh a chur le húsáid na leoraithe sin, ba cheart leanúint de leoraithe níos troime a cheadú sa trácht náisiúnta agus, sa trácht idirnáisiúnta, ba cheart dóibh cloí leis na meáchain údaraithe uasta a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE, lena dteorannaítear an lamháltas meáchain breise d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus d'fheithiclí atá páirteach in oibríocht iompair idirmhódúil. | (12) Na bacainní saorga ar iompar trasteorann leoraithe níos troime a úsáidtear go príomha in iompar fadraoin (amhail cónaisc feithiclí a bhfuil 5 nó 6 acastóir acu), ba cheart iad a bhaint ar bhealach comhchuibhithe chun leas a bhaint sa ghearrthéarma as an éifeachtúlacht oibríochtúil, fuinnimh agus chomhshaoil a bhaineann leis an acmhainneacht lastála níos mó a dheonaíonn na Ballstáit, lena n-áirítear le haghaidh iompar idirmhódúil. Chun an t-aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn go héifeachtach ***agus chun éifeachtaí an dlí comhshaoil atá ann cheana a uasmhéadú,*** is gá deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na leoraithe níos troime sin a oibrítear ar bhreoslaí iontaise, ó 2035 ar aghaidh, ***chun deimhneacht dhlíthiúil a neartú d'infheistíochtaí agus do dhul i bhfód*** na HDVanna astaíochtaí nialasacha ***níos éifeachtúla ar an margadh a spreagadh tuilleadh***. Tar éis deireadh a chur le húsáid na leoraithe sin, ba cheart leanúint de leoraithe níos troime a cheadú sa trácht náisiúnta agus, sa trácht idirnáisiúnta, ba cheart dóibh cloí leis na meáchain údaraithe uasta a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE, lena dteorannaítear an lamháltas meáchain breise d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus d'fheithiclí atá páirteach in oibríocht iompair idirmhódúil. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Tá acmhainneacht an-teoranta ag ***iompróirí*** feithiclí a bhfuil cabhlacha oscailte acu a dtomhaltas fuinnimh a laghdú trí aeraidinimic fheabhsaithe. Tá rialacha náisiúnta éagsúla maidir le hualaí starrtha ar ***iompróirí*** feithiclí ina gcúis le saobhadh ar an iomaíocht agus cuireann an éagsúlacht sin teorainn shuntasach lena n-acmhainneacht feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar fheidhmíocht fuinnimh sa trácht idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hualaí starrtha ar ***iompróirí*** feithiclí ***a bhfuil cabhlacha oscailte acu,*** chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin mar is ceart. | (14) Tá acmhainneacht an-teoranta ag iompróirí feithiclí***,*** a bhfuil cabhlacha oscailte ***ag cuid mhór*** acu***,*** a dtomhaltas fuinnimh a laghdú trí aeraidinimic fheabhsaithe. Tá rialacha náisiúnta éagsúla maidir le hualaí starrtha ar iompróirí feithiclí ina gcúis le saobhadh ar an iomaíocht agus cuireann an éagsúlacht sin teorainn shuntasach lena n-acmhainneacht feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar fheidhmíocht fuinnimh sa trácht idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hualaí starrtha ar iompróirí feithiclí chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin mar is ceart. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feithiclí tromshaothair a bhfuil cábáin fhadaithe acu tar éis teacht isteach ar an margadh, agus iad péireáilte le córais tiomána astaíochtaí nialasacha. Nuair a bhaintear úsáid as córais tiomána astaíochtaí nialasacha, bíonn gá, ag brath ar an teicneolaíocht, le spás breise, ar spás é nár cheart a áireamh chun dochair d'ualach éifeachtach na feithicle, ionas nach ngearrfar pionós eacnamaíoch ar an earnáil iompair de bhóthar atá saor ó astaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú gur féidir leis an mbreis faid | (15) Tá feithiclí tromshaothair a bhfuil cábáin fhadaithe acu tar éis teacht isteach ar an margadh, agus iad péireáilte le córais tiomána astaíochtaí nialasacha. Nuair a bhaintear úsáid as córais tiomána astaíochtaí nialasacha, bíonn gá, ag brath ar an teicneolaíocht, le spás breise, ar spás é nár cheart a áireamh chun dochair d'ualach éifeachtach na feithicle, ionas nach ngearrfar pionós eacnamaíoch ar an earnáil iompair de bhóthar astaíochtaí nialasacha. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú gur féidir leis an mbreis faid |

| | |
|---|---|
| uasta dá bhforáiltear do na cábáin fhadaithe freastal ar theicneolaíocht astaíochtaí nialasacha, amhail ceallraí agus umair hidrigine, ar choinníoll nach gcuirfear gnéithe sábháilteachta, éifeachtúlachta agus compoird na gcábán aeraidinimiciúil i mbaol. | uasta dá bhforáiltear do na cábáin fhadaithe freastal ar theicneolaíocht astaíochtaí nialasacha, amhail ceallraí agus umair hidrigine, ar choinníoll nach gcuirfear gnéithe sábháilteachta, éifeachtúlachta agus compoird na gcábán aeraidinimiciúil i mbaol***, agus go gcloíonn an fheithicil lena mbaineann le 'riail an chaschiorcail'***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Is féidir le hiolracht na marcálacha éagsúla feithiclí agus na comharthaíochta sna Ballstáit mearbhall a chur ar úsáideoirí bóithre agus dochar a dhéanamh don tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas. Chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, ba cheart lipéad caighdeánaithe de chuid an Aontais d'fhad mótarfheithiclí nó cónasc feithiclí a úsáidtear in EMS nó a bhíonn éagsúil ó na toisí caighdeánacha, a bhunú ar leibhéal an Aontais. Chuideodh an lipéad sin de chuid an Aontais le húsáideoirí bóithre na feithiclí sin a aithint agus eolas a fháil orthu agus laghdófaí leis aon riosca a eascraíonn as srianta infheictheachta nó caochspotaí, mar shampla nuair a bhíonn siad ag scoitheadh na bhfeithiclí fada nó na gcónasc feithiclí sin.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16b) Tá acmhainneacht láidir ag feithiclí ceallra-leictreacha, ag feithiclí um chealla breosla agus ag feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine chun codanna áirithe den earnáil iompair tromshaothair a dhícharbónú agus ba cheart a bhforbairt a spreagadh, agus é á chur san áireamh ag an am céanna nach bhfuil aon teicneolaíocht nach bhfuil tionchar aici ar an gcomhshaol. I gcás nach féidir leictriú a dhéanamh nó nach bhfuil sé chomh héifeachtúil céanna agus nach bhfuil feithiclí a bhreoslaítear le hidrigin iomchuí ná iomaíoch ó thaobh costais de, le prionsabal na neodrachta teicneolaíche is féidir cothrom iomaíochta a áirithiú le teicneolaíochtaí eile atá níos seanbhunaithe.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Tá sé ríthábhachtach na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach chun iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí a áirithiú agus chun deireadh a chur leis na rioscaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus bonneagar bóithre a bhaineann le feithiclí a sháraíonn go neamhdhleathach na meáchain nó na toisí is infheidhme. Chun rialuithe cois bóthair a dhíriú níos fearr ar fheithiclí ró-ualaithe, ***agus má roghnaíonn na Ballstáit córais uathoibríocha a úsáid ar an mbonneagar*** | (17) Tá sé ríthábhachtach na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach chun iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí a áirithiú agus chun deireadh a chur leis na rioscaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus bonneagar bóithre a bhaineann le feithiclí a sháraíonn go neamhdhleathach na meáchain nó na toisí is infheidhme. Chun rialuithe cois bóthair a dhíriú níos fearr ar fheithiclí ró-ualaithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, ar a laghad, go n-úsáidfear córais ***uathoibríocha*** sa |

| | |
|---|---|
| ***bóithre,*** ba cheart dóibh a áirithiú, ar a laghad, go n-úsáidfear na córais ***sin*** sa ghréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar. Thairis sin, ar mhaithe le hiontaofacht agus comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe ar fud an Aontais, ba cheart an t-íosleibhéal rialuithe sainordaitheacha atá le déanamh ag na Ballstáit a bhunú i gcomhréir leis an leibhéal tráchta ar a gcríocha ag na feithiclí faoi raon feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear líon iomchuí rialuithe le linn uaireanta oíche. | ghréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar***, lena n-áirítear na córais dheimhnithe atá ar chroíghréasán TEN-T. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith indéanta trealamh ualaithe ar bord atá cruinn agus go hiomlán idir-inoibritheach a úsáid freisin. Ba cheart go mbeadh na córais uathoibríocha dheimhnithe sin in ann feithiclí nó cónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain údaraithe uasta a shainaithint, ach ba cheart maolú a bheith acu air bunaithe ar chead speisialta bailí nó ar shocrú comhchosúil. Ba cheart go mbeadh na córais in ann a bhrath freisin an bhfuil ceanglais ceadanna speisialta á gcomhlíonadh. Meastar go seachnófar leis sin pionóis gan údar agus go sábhálfar costais riaracháin d'oibreoirí agus do na Ballstáit araon***. Thairis sin, ar mhaithe le hiontaofacht agus comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe ar fud an Aontais, ba cheart an t-íosleibhéal rialuithe sainordaitheach atá le déanamh ag na Ballstáit a bhunú i gcomhréir leis an leibhéal tráchta ar a gcríocha ag na feithiclí faoi raon feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear líon iomchuí rialuithe le linn uaireanta oíche. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun dlús breise a chur le forfheidhmiú agus faireachán ar chúrsaíocht feithiclí tromshaothair ar bhóithre an Aontais, brú tráchta a laghdú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, rioscaí maidir le damáiste don bhonneagar a laghdú agus oibríochtaí iompair | (18) Chun dlús breise a chur le forfheidhmiú agus faireachán ar chúrsaíocht feithiclí tromshaothair ar bhóithre an Aontais, brú tráchta a laghdú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, rioscaí maidir le damáiste don bhonneagar a laghdú agus oibríochtaí iompair |

| | |
|---|---|
| inbhuanaithe a chur chun cinn, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun scéimeanna Beartais Rochtana Cliste a bhunú lena n-áiritheofar comhlíonadh rialacha maidir leis na meáchain agus toisí údaraithe uasta. ***Agus scéimeanna den sórt sin á mbunú***, ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais chomhchoiteanna a chur i bhfeidhm chun comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht agus formáid na sonraí ábhartha atá le malartú. Ba cheart go gcuideodh na scéimeanna lena áirithiú go n-oibreoidh an fheithicil cheart, agus an lasta ceart aici, ar an mbóthar ceart agus ag an am ceart chun a áirithiú go mbeidh an tionchar is lú is féidir ann ar an gcomhshaol, ar bhonneagar, ar shláinte agus sábháilteacht an duine, agus ar an tsochaí. Agus scéimeanna den sórt sin á mbunú, ba cheart úsáid a bhaint as ardchórais chliste iompair, amhail cumarsáid ó fheithicil go bonneagar, cumarsáid ó fheithicil go líonra, comhroinnt sonraí fíor-ama agus cianfhaireachán, chun trácht sábháilte rianúil feithiclí tromshaothair a áirithiú agus níor cheart srianta tráchta díréireacha ná idirdhealaitheacha a bheith mar thoradh orthu. | inbhuanaithe a chur chun cinn, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun scéimeanna Beartais Rochtana Cliste a bhunú lena n-áiritheofar comhlíonadh rialacha maidir leis na meáchain agus toisí údaraithe uasta. Ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais chomhchoiteanna a chur i bhfeidhm ***ar na scéimeanna sin*** chun comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht agus formáid na sonraí ábhartha atá le malartú. ***Ba cheart na sonraí ábhartha a bheith inrochtana i bhfíor-am agus i dteangacha oifigiúla an Aontais***. Ba cheart go gcuideodh na scéimeanna lena áirithiú go n-oibreoidh an fheithicil cheart, agus an lasta ceart aici, ar an mbóthar ceart agus ag an am ceart chun a áirithiú go mbeidh an tionchar is lú agus is féidir ann ar an gcomhshaol, ar bhonneagar, ar shláinte agus sábháilteacht an duine, agus ar an tsochaí. Agus na scéimeanna sin á mbunú, ba cheart úsáid a bhaint as ardchórais chliste iompair, amhail cumarsáid ó fheithicil go bonneagar, cumarsáid ó fheithicil go líonra, comhroinnt sonraí fíor-ama agus cianfhaireachán, chun trácht sábháilte rianúil feithiclí tromshaothair a áirithiú agus níor cheart srianta tráchta díréireacha ná idirdhealaitheacha a bheith mar thoradh orthu. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Tá forfheidhmiú Threoir 96/53/CE ina chuid riachtanach de na córais*** |

***faireacháin agus forfheidhmithe sheanbhunaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a rannchuidíonn le cur chun feidhme rialacha sóisialta, margaidh agus teicniúla an Aontais is infheidhme maidir le hiompar de bhóthar. I gcás ina a bhraitear neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le meáchain agus toisí forordaithe, ní mór do na húdaráis náisiúnta inniúla bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na pionóis neamh-idirdhealaitheach maidir leis na cineálacha pionóis a roghnaítear agus maidir lena leibhéil, agus go bhfuil siad éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach le tromchúis an tsáraithe a rinneadh. Ba cheart na sáruithe sin a thaifeadadh i gclár náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar, a mhalartú tríd an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) agus ba cheart iad a léiriú i scór grádaithe riosca na ngnóthas i gcomhréir le Rialachán 1071/2009. Táthar ag dréim go n-éascófar cur chun feidhme trasteorann smachtbhannaí faoi raon feidhme Threoir 96/53/CE trí Threoir leasaithe 2015/413 maidir le Forfheidhmiú Trasteorann.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18b) Chun dul chun cinn a dhéanamh sna haistrithe glasa agus digiteacha agus chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa*** |

| | |
|---|---|
| | ***Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair, ba cheart na Ballstáit a spreagadh an t-ioncam a ghintear ó na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Treoir seo, nó an choibhéis i luach airgeadais na n-ioncam sin, a úsáid chun tacú le glacadh modhanna iompair inbhuanaithe agus dá bhrí sin na costais sheachtracha arna nginiúint ag oibríochtaí iompair a mhaolú, chun an idirmhódúlacht a spreagadh, agus chun inbhuanaitheacht oibríochtaí iompair trasteorann a mhéadú.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun fás an chórais iompair ***ilmhódaigh*** a chur chun cinn, ba cheart iompar coimeádánaithe a éascú ***a thuilleadh*** trí airde bhreise a cheadú d’fheithiclí bóthair a iompraíonn coimeádáin ***d’ardtoilleadh***. | (19) Chun fás an chórais iompair ***ilmhódúil*** a chur chun cinn, ba cheart iompar coimeádánaithe***, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann coimeádáin 45 throithe nó 48 dtroithe, cabhlacha soghluaiste 45 throithe nó coimeádáin d’ardtoilleadh,*** a éascú ***tuilleadh*** trí airde bhreise ***agus fad breise*** a cheadú d’fheithiclí bóthair a iompraíonn ***na*** coimeádáin ***sin***. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le cineálcheadú chun comhoiriúnacht theicniúil agus oibríochtúil feithiclí agus cónasc feithiclí nua tromshaothair a neartú, inter alia maidir lena meáchan, lena gcruth, lena méid, lena n-inardaitheacht ag gcraenacha, agus le hin-aistarraingtheacht agus in-fhillteacht na ngaireas atá ag gobadh amach uathu, le ceanglais na n-oibríochtaí iompair thraschórais, agus chun úsáid agus glacadh leantóirí agus leathleantóirí astaíochtaí nialasacha a éascú;*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun gur féidir leis an earnáil iompair de bhóthar freagairt thapa a thabhairt ar aon ghéarchéim, amhail tubaistí nádúrtha, paindéimí, coinbhleachtaí míleata nó clistí sa bhonneagar, is gá clásal éigeandála a thabhairt isteach i dTreoir 96/53/CE, lena gcumasaítear cúrsaíocht shealadach feithiclí tromshaothair ar mó iad ná na meáchain agus/nó na toisí ceadaithe uasta, chun soláthar leanúnach na n-earraí agus na seirbhísí riachtanacha a áirithiú. Níor cheart clásal eisceachtúil den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin nuair is gá | (21) Chun gur féidir leis an earnáil iompair de bhóthar freagairt thapa a thabhairt ar aon ghéarchéim, amhail tubaistí nádúrtha, paindéimí, coinbhleachtaí míleata nó clistí sa bhonneagar, is gá clásal éigeandála a thabhairt isteach i dTreoir 96/53/CE, lena gcumasaítear cúrsaíocht shealadach feithiclí tromshaothair ar mó iad ná na meáchain agus/nó na toisí ceadaithe uasta, chun soláthar leanúnach na n-earraí agus na seirbhísí riachtanacha a áirithiú. Níor cheart an clásal eisceachtúil sin a chur i bhfeidhm ach amháin nuair is gá sin ar |

| | |
|---|---|
| sin ar mhaithe ar leas an phobail, ***agus*** ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin. | mhaithe le leas an phobail, ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin ***agus níor cheart a athnuachan féideartha a bheith coinníollach ar mharthanacht na géarchéime***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm iarratais chaighdeánach chomhchoiteann a bhunú agus na rialacha agus na nósanna imeachta a chomhchuibhiú maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla a eisiúint d'fheithiclí nó do chónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain agus/nó na toisí uasta agus lena mbeartaítear ualaí doroinnte a iompar, chun formáid chaighdeánach tuairiscithe a bhunú do na Ballstáit ar mhaithe lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, agus chun eisceachtaí sealadacha a bhunú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta idir na Ballstáit a ndéanann géarchéim difear dóibh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. | (23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm iarratais chaighdeánach chomhchoiteann ***de chuid an Aontais*** a bhunú agus na rialacha agus na nósanna imeachta a chomhchuibhiú maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla a eisiúint d'fheithiclí nó do chónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain agus/nó na toisí uasta agus lena mbeartaítear ualaí doroinnte a iompar, chun formáid chaighdeánach tuairiscithe a bhunú do na Ballstáit ar mhaithe lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, agus chun eisceachtaí sealadacha a bhunú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta idir na Ballstáit a ndéanann géarchéim difear dóibh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. |
| [45] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | [45] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

| | |
|---|---|
| an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Treorach seo agus chun an dul chun cinn i dtaobh a cuspóirí sonracha a thomhas, tá sé tábhachtach meastóireacht rialta a dhéanamh ar a cur chun feidhme agus ar a tionchar. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún tuarascálacha measúnaithe rialta a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, bunaithe ar na coinníollacha cumasúcháin maidir le glacadh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha sa mhargadh, amhail infhaighteacht agus acmhainneacht an bhonneagair breoslaí malartacha iomchuí, tionchar an chórais Eorpaigh ar iompar de bhóthar chomh maith le muirir ar úsáideoirí bóthair arna ndifreáil de réir astaíochtaí CO2 sna Ballstáit. Ba cheart faisnéis mhionsonraithe a bheith sna tuarascálacha sin maidir leis na coinníollacha cumasúcháin sin, agus maidir le forbairt an iompair de bhóthar náisiúnta agus idirnáisiúnta, an tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar bhonneagar bóthair, aistriú módúil, úsáid córas forfheidhmithe cliste, agus an dul chun cinn teicneolaíoch maidir le hiompar*** |

***de bhóthar. Ina theannta sin, ba cheart breithniú a dhéanamh sna tuarascálacha ar inscálaitheacht na mbeart i gcomhréir le spriocanna fadtéarmacha na Treorach. Ar bhonn na dtorthaí sna measúnaithe sin, ba cheart go mbeadh togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil chun an Treoir agus na hoibleagáidí a shuitear inti a leasú.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe e**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| — ciallóidh 'feithicil breosla ***mhalartaigh***' mótarfheithicil a chumhachtaítear go hiomlán le breosla malartach agus a formheasadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/858***,***; | — ciallóidh 'feithicil breosla ***ionadúil***' mótarfheithicil a chumhachtaítear go hiomlán nó go páirteach le breosla malartach agus a formheasadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/858; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 – mír 3 – fomhíreanna 2, 3, agus 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an nós imeachta i dtaca le ceadanna nó socruithe comhchosúla a fháil chun ualaí doroinnte a iompar, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé rianúil, éifeachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, trí ualaí riaracháin a íoslaghdú agus moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint. | Maidir leis an nós imeachta i dtaca le ceadanna nó socruithe comhchosúla a fháil chun ualaí doroinnte a iompar, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé rianúil, éifeachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, trí ***fhoirm iarratais chaighdeánach choiteann de chuid an Aontais a sholáthar agus trí*** ualaí riaracháin a íoslaghdú agus moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint. |
| Maidir leis na coinníollacha faoina n-eiseofar na ceadanna nó na socruithe comhchosúla a bhaineann le hiompar ualaí doroinnte, ráthóidh na Ballstáit go mbeidh siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun an iliomad marcanna agus comharthaíochta feithicle a sheachaint, agus chun tús áite a thabhairt d’úsáid picteagram in ionad ***théacs***. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit ceanglais teanga a bhaineann le ***hiompar*** ualaí doroinnte. | Maidir leis na coinníollacha faoina n-eiseofar na ceadanna nó na socruithe comhchosúla a bhaineann le hiompar ualaí doroinnte, ráthóidh na Ballstáit go mbeidh siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, ***eiseoidh na Ballstáit na ceadanna nó socruithe comhchosúla i bhformáid leictreonach agus oibreoidh siad i gcomhair le chéile chun na spriocdhátaí eisiúna ceadanna a chomhchuibhiú tuilleadh.*** Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile ***freisin*** chun an iliomad marcanna agus comharthaíochta feithicle a sheachaint, agus chun tús áite a thabhairt d’úsáid picteagram in ionad ***téacs***. ***Thairis sin, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha ábhartha maidir le hiompar ualaí doroinnte a thionlacan, amhail maidir leis an úsáid fhorordaithe, marcálacha agus comharthaí d’fheithiclí tionlacain.*** Ní fhorchuirfidh na Ballstáit ceanglais teanga a bhaineann le ***tiománaithe d’iompar*** ualaí doroinnte. |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh lipéad an Aontais, atá leagtha amach in Airteagal 10ca, ar taispeáint ar na feithiclí a iompraíonn ualaí doroinnte.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompair agus lena ndéantar oibríochtaí iompair náisiúnta áirithe nach ndéanann difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair, agus ar feithiclí nó cónaisc iad lena ngabhann toisí a imíonn ó na toisí sin a leagtar síos i bpointí 1.1, 1.2, 1.4 go 1.8, 4.2 agus 4.4 d'Iarscríbhinn I, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na feithiclí agus na cónaisc sin a bheith i gcúrsaíocht ar a gcríoch. | 4. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompair agus lena ndéantar oibríochtaí iompair náisiúnta ***nó idirnáisiúnta*** áirithe nach ndéanann difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair, agus ar feithiclí nó cónaisc iad lena ngabhann ***meáchain nó*** toisí a imíonn ó na ***meáchain nó*** toisí sin a leagtar síos i bpointí 1.1, 1.2, ***1.3,*** 1.4 go 1.8, ***2, 4,1,*** 4.2 agus 4.4 d'Iarscríbhinn I, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na feithiclí agus na cónaisc sin a bheith i gcúrsaíocht ar a gcríoch. |
| Measfar nach ndéanann oibríochtaí iompair difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas: | Measfar nach ndéanann oibríochtaí iompair difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas: |
| (a) na cúinsí atá i gceist agus na hoibríochtaí iompair á ndéanamh ar chríoch Ballstáit ag sainfheithiclí nó ag sainchónaisc feithiclí, ní cúinsí iad ina mbíonn na hoibríochtaí céanna á ndéanamh ag feithiclí ó Bhallstáit eile de ghnáth, e.g. oibríochtaí a bhaineann leis an lománaíocht agus leis an tionscal foraoiseachta; | (a) na cúinsí atá i gceist agus na hoibríochtaí iompair á ndéanamh ar chríoch Ballstáit ag sainfheithiclí nó ag sainchónaisc feithiclí, ní cúinsí iad ina mbíonn na hoibríochtaí céanna á ndéanamh ag feithiclí ó Bhallstáit eile de ghnáth, e.g. oibríochtaí a bhaineann leis an lománaíocht agus leis an tionscal foraoiseachta; |
| (b) feithiclí nó cónaisc feithiclí lena ngabhann toisí a imíonn ó na toisí a leagtar síos in Iarscríbhinn I, an Ballstát a cheadaíonn go ndéanfaí oibríochtaí iompair ar a chríoch le feithiclí nó cónaisc dá leithéid, ceadaíonn sé freisin cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach de bhun | (b) feithiclí nó cónaisc feithiclí lena ngabhann toisí a imíonn ó na toisí a leagtar síos in Iarscríbhinn I, an Ballstát a cheadaíonn go ndéanfaí oibríochtaí iompair ar a chríoch le feithiclí nó cónaisc dá leithéid, ceadaíonn sé freisin cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach de bhun |

mhír 4a, ionas go mbainfear amach an fad lastála atá údaraithe sa Bhallstát sin ar a laghad, agus dá bhrí sin go mbeidh comhchoinníollacha iomaíochta ann le haghaidh gach oibreora.

mhír 4a, ionas go mbainfear amach an fad lastála atá údaraithe sa Bhallstát sin ar a laghad, agus dá bhrí sin go mbeidh comhchoinníollacha iomaíochta ann le haghaidh gach oibreora.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4a) Féadfaidh na Ballstáit cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha a cheadú i dtrácht náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi réir na gcoinníollacha uile a leanas: | (4a) Féadfaidh na Ballstáit cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha a cheadú i dtrácht náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi réir na gcoinníollacha uile a leanas: |
| | ***(-a) Le haghaidh bealaí EMS nua, déanfaidh na Ballstáit measúnú roimh ré ar thionchar féideartha na gCóras Modúlach Eorpach ar an tsábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar bóthair, ar an gcomhar módúil, agus ar thionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear na tionchair ar an gcion módúil. Cuirfear an measúnú ar fáil go poiblí. Ballstáit a bhfuil bealaí EMS bunaithe acu cheana féin ina gcríoch ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ní cheanglaítear orthu measúnú a dhéanamh roimh ré maidir leis na bealaí sin atá bunaithe cheana féin;*** |
| (a) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis na meáchain agus na toisí uasta is infheidhme maidir le | (a) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis na meáchain agus na toisí uasta is infheidhme maidir le |

cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha;

(b) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis an gcuid sin den ghréasán bóithre ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh;

(c) áiritheoidh na Ballstáit nascacht ***na coda*** sin den ghréasán ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh ar a gcríocha le gréasán bóithre na mBallstát comharsanachta a cheadaíonn cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach freisin, chun trácht trasteorann a chumasú;

(d) ***socróidh*** na Ballstáit córas faireacháin ***agus déanfaidh siad measúnú ar*** thionchar na gCóras Modúlach Eorpach ar ***shábháilteacht*** ar bhóithre, ar an mbonneagar ***bóithre***, ar ***chomhar módach***, agus ar thionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear na tionchair ar an gcion ***módach.***

Aon uair a cheadóidh Ballstát, de bhun na míre seo, cúrsaíocht na gCóras Modúlach

cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha;

(b) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis an gcuid sin den ghréasán bóithre ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh;

(c) áiritheoidh na Ballstáit nascacht ***an chuid*** sin den ghréasán ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh ar a gcríocha le gréasán bóithre na mBallstát comharsanachta a cheadaíonn cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach freisin, chun trácht trasteorann a chumasú;

(d) ***bunóidh*** na Ballstáit córas faireacháin ***ar*** thionchar na gCóras Modúlach Eorpach ar ***an tsábháilteacht*** ar bhóithre, ar an mbonneagar ***bóthair***, ar ***an gcomhar módúil, ar mhéideanna tráchta***, agus ar thionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear na tionchair ar an gcion ***módúil, agus an measúnú a rinneadh roimh ré faoi phointe (-a) á chur san áireamh;***

***(d a) áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta iomchuí chun aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar an tsábháilteacht ar bhóithre a sheachaint, lena n-áirítear sábháilteacht úsáideoirí soghonta bóithre, mar thoradh ar úsáid na gCóras Modúlach Eorpach.***

***Féadfaidh na Ballstáit íoscheanglais nó scéim deimhniúcháin a bhunú do thiománaithe na gCóras Modúlach Eorpach, ar choinníoll go n-áiritheoidh siad comhréireacht agus neamh-idirdhealú. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe a chéile.***

Aon uair a cheadóidh Ballstát, de bhun na míre seo, cúrsaíocht na gCóras Modúlach

| | |
|---|---|
| Eorpach sa trácht náisiúnta, ní fhéadfaidh sé cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach sa trácht idirnáisiúnta a dhiúltú ná a thoirmeasc ar a chríoch, ar choinníoll nach sáraíonn na córais sin na meáchain agus na toisí uasta a shocraítear do na Córais Mhodúlacha Eorpacha sa trácht náisiúnta. | Eorpach sa trácht náisiúnta, ní fhéadfaidh sé cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach sa trácht idirnáisiúnta a dhiúltú ná a thoirmeasc ar a chríoch, ar choinníoll nach sáraíonn na córais sin na meáchain agus na toisí uasta a shocraítear do na Córais Mhodúlacha Eorpacha sa trácht náisiúnta. |
| ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***an Coimisiún ar an eolas*** i gcás ina gceadaíonn siad cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha.***;*** | ***Tabharfaidh*** na Ballstáit ***fógra don Choimisiún*** i gcás ina gceadaíonn siad cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha ***agus cuirfidh siad ar an eolas é faoin mbealach a gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (-a) go (da) den mhír seo***. ***Tar éis na bhfógraí sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, moltaí a eisiúint chuig na Ballstáit sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha sin. I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún moltaí, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 6 mhí, faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist aige na moltaí sin a chur chun feidhme. Cuirfear moltaí an Choimisiúin agus freagraí ón mBallstát ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit trialacha ar fheithiclí nó ar chónaisc feithiclí a cheadú ar feadh tréimhse theoranta ama, trialacha ina n-ionchorpraítear teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach féidir leo ceanglais | Féadfaidh na Ballstáit trialacha ar fheithiclí nó ar chónaisc feithiclí a cheadú ar feadh tréimhse theoranta ama, trialacha ina n-ionchorpraítear teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach féidir leo ceanglais |

| | |
|---|---|
| na Treorach seo a chomhlíonadh. ***Ceadófar d'fheithiclí nó do chónaisc*** feithiclí ***den sórt*** sin oibríochtaí iompair náisiúnta nó idirnáisiúnta áirithe a dhéanamh don tréimhse thrialach. Go háirithe, ceadófar trialacha le Córais Mhodúlacha Eorpacha ar feadh uastréimhse 5 bliana. Ní bheidh teorainn le líon na dtrialacha. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin. | na Treorach seo a chomhlíonadh. ***Ní cheadófar do na feithiclí nó na cónaisc*** feithiclí sin oibríochtaí iompair náisiúnta nó idirnáisiúnta áirithe a dhéanamh don tréimhse thrialach ***ach amháin tar éis a thaispeáint nach féidir na gníomhaíochtaí iompair spriocdhírithe a sheoladh le haon chineál eile iompair a chuireann tairbhí sábháilteachta agus comhshaoil comhchosúla nó níos fearr ar fáil. Ní mór a chruthú nach bhfuil tionchar suntasach aige sin ar an iomaíocht idirmhódúil sa tionscal iompair ina iomláine***. Go háirithe, ceadófar trialacha le Córais Mhodúlacha Eorpacha ar feadh uastréimhse 5 bliana ***agus féadfar iad a athnuachan uair amháin ar feadh uastréimhse 3 bliana***. ***Má chinneann Ballstát triail a athnuachan, tabharfaidh sé údar leordhóthanach don Choimisiún***. Ní bheidh teorainn le líon na dtrialacha. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe e**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 – mír 5a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na tacair íosta sonraí agus na táscairí feidhmíochta atá le soláthar ag na córais faireacháin arna mbunú ag na Ballstáit dá | 5a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na tacair íosta sonraí agus na táscairí feidhmíochta atá le soláthar ag na ***measúnuithe arna ndéanamh roimh ré*** |

| | |
|---|---|
| dtagraítear i mír 4a, ***pointe*** (d) agus mír 5 den Airteagal seo a chinneadh.; | ***agus ag na*** córais faireacháin arna mbunú ag na Ballstáit dá dtagraítear i mír 4a, ***pointí (-a) agus*** (d), agus mír 5 den Airteagal seo, a chinneadh.; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4a – mír 1 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) pointe rochtana náisiúnta aonair chun faisnéis a fháil, ar bhealach soiléir, inrochtana agus trédhearcach, maidir le meáchain agus toisí náisiúnta údaraithe uasta feithiclí, chomh maith le haon srian, lena n-áirítear ar airde, i limistéir sonraithe nó ar bhóithre sonracha.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin [6 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún*** |

| | |
|---|---|
| | ***tairseach gréasáin Eorpach thiomnaithe atá cothrom le dáta a bhunú agus a bhainistiú ina dhiaidh sin, a bheidh ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, lena nascfar, ar bhealach soiléir, inrochtana agus trédhearcach, na córais náisiúnta leictreonacha agus cumarsáide, dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an tairseach Eorpach sin ar fáil go poiblí freisin, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, na codanna den ghréasán bóithre ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha, agus, i gcás ina mbeidh rochtain orthu, feithiclí a iompraíonn ualaí doroinnte, a bheith i gcúrsaíocht.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 4 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar foirm iarratais chaighdeánach choiteann agus lena gcomhchuibheofar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4(3) a eisiúint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10i(2). | 2. ***Déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar foirm iarratais chaighdeánach choiteann ***de chuid an Aontais i gcomhair ceadanna*** agus lena gcomhchuibheofar na rialacha agus na nósanna imeachta***, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis is gá maidir le clárú feithiclí,*** maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla***, lena n-áirítear formáid dhigiteach díobh,*** dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4(3) a eisiúint***, chomh maith leis na rialacha ábhartha maidir le tionlacan d'iompar ualaí doroinnte a*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhchuibhiú***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10i(2). |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a a (nua)**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 6 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. Feithiclí a bhfuil cruthúnas ar chomhlíonadh ar iompar acu, ***féadfaidh*** siad ***a bheith*** faoi réir na nithe seo a leanas: | "4. Feithiclí a bhfuil cruthúnas ar chomhlíonadh ar iompar acu, ***beidh*** siad faoi réir na nithe seo a leanas: |
| — seiceálacha randamacha, a mhéid a bhaineann le comhchaighdeáin maidir le meáchain; | — seiceálacha randamacha, a mhéid a bhaineann le comhchaighdeáin maidir le meáchain; |
| — seiceálacha sa chás ina bhfuil amhras ann nach bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh ***agus sa chás sin amháin***, a mhéid a bhaineann le comhchaighdeáin maidir le toisí. | — seiceálacha sa chás ina bhfuil amhras ann nach bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh, a mhéid a bhaineann le comhchaighdeáin maidir le toisí.” |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 8c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 8c | Airteagal 8c |
| Féadfaidh iompróirí feithiclí ***a bhfuil cabhlacha oscailte acu*** na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a shárú agus iad lastáilte, suas le 20,75 méadar san iomlán, agus úsáid á baint as tacaí ualaithe ***údaraithe***. | Féadfaidh iompróirí feithiclí na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a shárú agus iad lastáilte, suas le 20,75 méadar san iomlán, agus úsáid á baint as tacaí ualaithe údaraithe***, amhail tacaí ualaithe cúil insínte***. |
| Ní féidir le ***starradh nó*** taca ualaithe na n-iompróirí feithiclí gobadh amach i ndáil leis an ualach. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 0,5 méadar ar a mhéad os comhair na feithicle tarraingthe, ar choinníoll go luíonn ***céad acastóir*** na feithicle iompair ar struchtúr ***an leantóra***. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 1,5 méadar ar a mhéad ar chúl na feithicle, ar choinníoll go luíonn acastóir ***deiridh na feithicle*** iompair ar ***struchtúr an leantóra***.; | Ní féidir le taca ualaithe na n-iompróirí feithiclí gobadh amach i ndáil leis an ualach ***starrtha***. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 0,5 méadar ar a mhéad os comhair na feithicle tarraingthe, ar choinníoll go luíonn ***acastóirí uile*** na feithicle iompair ar struchtúr ***na feithicle***. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 1,5 méadar ar a mhéad ar chúl na feithicle, ar choinníoll go luíonn acastóir ***amháin ar a mhéad den fheithicil*** iompair ar ***an taca ualaithe cúil***.; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 9 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/858, féadfaidh siad na faid uasta a leagtar síos i | 1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/858, féadfaidh siad na faid uasta a leagtar síos i |

| | |
|---|---|
| bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a shárú ar choinníoll go mbeidh feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh ***agus*** feidhmíocht sábháilteachta níos fearr ag baint lena gcábáin. Féadfar aon bhreis faid sna faid uasta a cheadaítear faoin Airteagal seo a úsáid freisin chun teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a shuiteáil. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí ar ar feistíodh na cábáin sin pointe 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoir seo agus ní thiocfaidh méadú ar phá-lasta na bhfeithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta. | bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a shárú ar choinníoll go mbeidh feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh***,*** feidhmíocht sábháilteachta ***agus compord tiománaí*** níos fearr ag baint lena gcábáin. Féadfar aon bhreis faid sna faid uasta a cheadaítear faoin Airteagal seo a úsáid freisin chun teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a shuiteáil. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí ar ar feistíodh na cábáin sin pointe 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoir seo agus ní thiocfaidh méadú ar phá-lasta na bhfeithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha nó cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, féadfar iad a shárú leis an bhfad breise is gá chun freastal ar an teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha***, le huasmhéid 90 cm,*** chun gur féidir gairis den sórt sin a chur leo. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí astaíochtaí nialasacha den sórt sin pointí 1.5 agus 1.5a d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus ní thiocfaidh méadú ar fhad lastála na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta, chun comhoiriúnacht leantóirí agus | Na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha nó cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, féadfar iad a shárú leis an bhfad breise is gá chun freastal ar an teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha chun gur féidir na gairis sin a chur leo. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí astaíochtaí nialasacha den sórt sin pointí 1.5 agus 1.5a d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus ní thiocfaidh méadú ar fhad lastála na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta, chun comhoiriúnacht leantóirí agus |

| | |
|---|---|
| leathleantóirí leis na ceanglais le haghaidh oibríochtaí iompair idirmhódúla a áirithiú. | leathleantóirí leis na ceanglais le haghaidh oibríochtaí iompair idirmhódúla a áirithiú. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na ***faid*** uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I, faid atá faoi réir Airteagal 9a(1) agus Airteagal 10b(2), nuair is infheidhme, agus an t-achar uasta a leagtar síos i bpointe 1.6 d'Iarscríbhinn I, ***féadfar sárú 15 cm a dhéanamh orthu i gcás feithiclí nó cónaisc feithiclí a bhíonn ag gabháil d'iompar coimeádán 45 troithe nó cabhlach soghluaiste 45 troithe, bídís folamh nó lastáilte, ar choinníoll gur cuid d'oibríocht iompair idirmhódúil é iompar de bhóthar an choimeádáin nó an chabhlaigh shoghluaiste atá i gceist.;*** | ***I gcás feithiclí nó cónaisc feithiclí atá ag gabháil d'oibríocht iompair idirmhódúil, is é 18.00 m*** a bheidh san ***fhad*** uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I ***d'fheithicil altach***, faoi réir, más infheidhme, Airteagal 9a(1) agus 10b(2) agus ***13.50 m a bheidh*** san fhad uasta a leagtar síos i bpointe 1.6 d'Iarscríbhinn I; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10 c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) cuirtear isteach Airteagal 10ca mar a leanas:***<br>***Airteagal 10ca***<br>***1. Chun an tsábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus chun iolracht na marcálacha feithiclí agus na comharthaíochta a sheachaint, bunófar leis seo lipéad aonair de chuid an Aontais d'fhad mótarfheithiclí nó cónasc feithiclí atá i gcúrsaíocht a úsáidtear in oibríochtaí EMS nó a bhfuil toisí aige a imíonn ó na toisí a leagtar síos i bpointí 1.1, 1.2, 1.4 go 1.8, 4.2 agus 4.4 d'Iarscríbhinn I.***<br>***2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh gach mótarfheithicil nó cónasc feithiclí dá dtagraítear i mír1 an lipéad sin de chuid an Aontais a chur ar taispeáint go soiléir agus go feiceálach ar chúl na mótarfheithicle nó an chónaisc feithiclí.***<br>***3. Faoin [1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin, ceanglais agus forálacha eile mionsonraithe a leagan amach do na lipéid maidir lena n-eisiúint agus lena dtaispeáint, lena dtabharfar tús áite d'úsáid picteagram thar théacs.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe a**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10d, mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí atá i gcúrsaíocht ***ar dócha go bhfuil an*** meáchan údaraithe uasta ***sáraithe acu agus ba cheart dá bhrí sin d'údaráis inniúla na mBallstát iad a sheiceáil*** chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit bearta sonracha chun na feithiclí nó na cónaisc feithiclí sin ***a shainaithint***. ***Féadfar*** na bearta sin ***a dhéanamh le cúnamh*** córas uathoibríoch a shocrófaí ar an mbonneagar bóithre, ***nó trí bhíthin trealamh meáite ar bord a shuiteálfaí ar fheithiclí*** i gcomhréir le ***mír 4***. | 1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí atá i gcúrsaíocht ***a théann thar*** an meáchan údaraithe uasta chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú, ***lena n-áirítear comhlíonadh cheanglais na gceadanna speisialta***, déanfaidh na Ballstáit bearta sonracha chun na feithiclí nó na cónaisc feithiclí sin ***a bhrath***. ***Áireofar ar*** na bearta sin córais uathoibríocha ***arna mbunú*** ar an mbonneagar bóithre a bhunú ***lena n-áiritheofar imscaradh ar a laghad*** i gcomhréir le ***Rialachán (AE) 1315/2013*. Bunóidh na Ballstáit córais uathoibríocha dheimhnithe feadh an chroíghréasáin sa ghréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar a shainítear i Rialachán (AE) 1315/2013.*** |
| ***I gcás ina roghnóidh Ballstát*** córais uathoibríocha ***a chur ar bun*** ar an mbonneagar bóithre, ***áiritheoidh sé ar a laghad go n-úsáidfear na córais sin ar an ngréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar a leagtar amach i Rialachán (AE) 1315/2013****. | ***Chomh maith le*** córais uathoibríocha ***a úsáid atá bunaithe*** ar an mbonneagar bóithre, ***féadfaidh na Ballstáit feithiclí nó cónaisc feithiclí atá i gcúrsaíocht a shainaithint ar dócha gur sháraigh siad na meáchain údaraithe uasta trí bhíthin trealamh meáite ar bord a shuiteáiltear i bhfeithiclí i gcomhréir le mír 4 nó trí bhithín seiceálacha cois bóthair***. |
| Ní cheanglóidh Ballstát trealamh meáite ar bord a shuiteáil ar fheithiclí ná ar chónaisc feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile. | Ní cheanglóidh Ballstát trealamh meáite ar bord a shuiteáil ar fheithiclí ná ar chónaisc feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile. |
| Gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta, ***i gcás ina n-úsáidfear*** córais uathoibríocha ***chun a shuí*** gur sáraíodh an Treoir seo ***agus chun pionóis a fhorchur,*** déanfar na córais uathoibríocha sin ***a dheimhniú***. ***I gcás nach n-úsáidfear córais uathoibríocha ach chun críoch aitheantais, ní gá iad a dheimhniú.*** | Gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta, ***féadfaidh na Ballstáit*** na córais uathoibríocha ***dheimhnithe*** a úsáid ***chun pionóis a fhorchur i leith*** sáruithe ar an Treoir seo. |

Beidh córais uathoibríocha ***dheimhnithe nasctha leis an bpointe iontrála náisiúnta aonair do cheadanna speisialta nó do shocrú comhchosúil a leagtar amach in Airteagal 4a chun go mbeifear in ann feithiclí nó cónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain údaraithe uasta agus a bhfuil cead speisialta acu a shainaithint, chomh maith leo siúd a sháraíonn na meáchain údaraithe a cheadaítear faoin gcead speisialta***.

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10d a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 10da | Airteagal 10da |
| 1. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna Beartais Rochtana Cliste (IAP) a chur chun feidhme laistigh dá gcríocha chun rochtain na bhfeithiclí tromshaothair ar bhóithre nó ar limistéir shonracha a rialáil, faireachán a dhéanamh uirthi agus an rochtain sin a éascú. | 1. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna Beartais Rochtana Cliste (IAP) a chur chun feidhme laistigh dá gcríocha chun rochtain na bhfeithiclí tromshaothair ar bhóithre nó ar limistéir shonracha a rialáil, faireachán a dhéanamh uirthi agus an rochtain sin a éascú. |
| Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘beartas rochtana cliste’ creat teicniúil agus feidhmiúil chun an rochtain atá ag feithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre a bhainistiú, trí theileamaitic a úsáid, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme maidir le meáchain agus toisí. | Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘beartas rochtana cliste’ creat teicniúil agus feidhmiúil chun an rochtain atá ag feithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre a bhainistiú, trí theileamaitic a úsáid, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme maidir le meáchain agus toisí. |
| 2. ***Nuair a chuirfidh Ballstát IAP chun feidhme de bhun mhír 1,*** áiritheoidh ***sé*** go | 2. Áiritheoidh ***na Ballstáit*** go gcomhlíonfaidh a scéimeanna IAP |

gcomhlíonfaidh a scéimeanna IAP Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí a bhaineann leis an scéim IAP agus a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/40/AE, lena n-áirítear srianta ar mheáchan, ar fhad, ar leithead nó ar airde, ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín agus go mbeidh rochtain orthu trí na Pointí Rochtana Náisiúnta a bhunaítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670**.

Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí a bhaineann leis an scéim IAP agus a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/40/AE, lena n-áirítear srianta ar mheáchan, ar fhad, ar leithead nó ar airde, ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín agus go mbeidh rochtain orthu trí na Pointí Rochtana Náisiúnta a bhunaítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670**. ***Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh scéim IAP nasctha leis an bpointe iontrála náisiúnta aonair le haghaidh ceadanna speisialta nó socrú comhchosúil a leagtar amach in Airteagal 4a chun go mbeifear in ann feithiclí nó cónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain agus/nó na toisí údaraithe uasta agus a bhfuil cead speisialta acu a shainaithint.***

3. ***Nuair a chuirfidh Ballstát*** scéimeanna IAP ***chun feidhme*** de bhun mhír 1, déanfaidh ***sé*** an méid seo a leanas:

(a) na critéir maidir le rochtain a dheonú d’fheithiclí tromshaothair a shainiú, lena n-áirítear meáchan feithiclí, fad feithiclí, sonraíochtaí teicniúla agus comhlíonadh caighdeán sábháilteachta sonrach, ach gan a bheith teoranta dóibh;

(b) tús áite a thabhairt d’úsáid ardchóras cliste iompair chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun brú tráchta a laghdú in oibríochtaí iompair de bhóthar a ndéanann scéimeanna IAP difear dóibh;

(c) córas cuimsitheach faisnéise agus cumarsáide a bhunú chun oibreoirí feithiclí tromshaothair a chur ar an eolas faoi cheanglais na scéime IAP, nósanna imeachta iarratais, agus aon nuashonrú nó athrú ar an scéim;

3. ***Agus*** scéimeanna IAP ***á gcur chun feidhme*** de bhun mhír 1, déanfaidh ***na Ballstáit*** an méid seo a leanas:

(a) na critéir maidir le rochtain a dheonú d’fheithiclí tromshaothair a shainiú, lena n-áirítear meáchan feithiclí, fad feithiclí, ***airde feithiclí***, sonraíochtaí teicniúla agus comhlíonadh caighdeán sábháilteachta sonrach, ach gan a bheith teoranta dóibh;

(b) tús áite a thabhairt d’úsáid ardchóras cliste iompair chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun brú tráchta a laghdú in oibríochtaí iompair de bhóthar a ndéanann scéimeanna IAP difear dóibh;

(c) córas cuimsitheach faisnéise agus cumarsáide a bhunú chun oibreoirí feithiclí tromshaothair a chur ar an eolas faoi cheanglais na scéime IAP, nósanna imeachta iarratais, agus aon nuashonrú nó athrú ar an scéim;

***(ca) srianta idirdhealaitheacha nó díréireacha ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, agus bac míchuí ar fheidhmiú ceart an mhargaidh***

***inmheánaigh, a sheachaint.***

***4. Ní bheidh bunú scéimeanna IAP ag Ballstát ina chúis le srianta idirdhealaitheacha nó díréireacha ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus ní chuirfidh sé bac míchuí ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 a (nua)**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10e – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Cuirtear an mhír nua seo a leanas le hAirteagal 10e:*** <br> ***Moltar do na Ballstáit an t-ioncam a ghintear ó na pionóis sin, nó an choibhéis i luach airgeadais na n-ioncam sin a úsáid, chun glacadh margaidh modhanna iompair inbhuanaithe a fhorbairt agus chun tacú leis, chun a bhonneagar agus córais forfheidhmithe cliste a mhaoiniú, chun oibríochtaí iompair idirmhódúla a spreagadh agus chun inbhuanaitheacht oibríochtaí iompair trasteorann a mhéadú.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10g– mír 1 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon agus suíomh na gcóras uathoibríoch arna mbunú ar an mbonneagar bóithre de bhun Airteagal 10d(1), ***agus cibé acu chun críoch aitheantais amháin nó*** deimhnithe le haghaidh forfheidhmiú díreach atá siad; | (c) líon agus suíomh na gcóras uathoibríoch arna mbunú ar an mbonneagar bóithre de bhun Airteagal 10d(1) atá deimhnithe le haghaidh forfheidhmiú díreach; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1, agus ar bhonn na faisnéise a fhaightear, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le ***cur chun feidhme*** na Treorach seo, tráth nach déanaí ná ***13*** mhí tar éis dó an fhaisnéis a fháil ó na Ballstáit uile. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí atá i gceist. | 2. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1, agus***,*** ar bhonn na faisnéise a fhaightear, ***moltaí a eisiúint do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí. I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún na moltaí sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 6 mhí ó eisiúint na moltaí, faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist aige na moltaí sin a chur chun feidhme. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi*** bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le ***comhlíonadh cheanglais*** na Treorach seo, tráth nach déanaí ná ***12*** mhí tar éis dó an fhaisnéis a fháil ó na Ballstáit uile. Áireofar sa |

tuarascáil sin faisnéis maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí atá i gceist.

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10h – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) in Airteagal 10h, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***mhír 2***: | (17) In Airteagal 10h, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***mhír 2, mhír 3 agus mhír 5***: |
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4(5a) agus Airteagal 10b(1)*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cur isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.; | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4(5a) , Airteagal 10b(1) agus Airteagal 10ca*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cur isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10h – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal ***10b*** a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal ***4(5a), Airteagal 10b(1) agus Airteagal 10ca*** a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.*’* |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10h – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 10b*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 4(5a), Airteagal 10b(1) ná Airteagal 10ca*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon |

| | |
|---|---|
| gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*’* |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10j

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***scriostar*** Airteagal 10j; | (19) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** Airteagal 10j:<br>***Airteagal 10j***<br>***Faoi 2027, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. Beidh measúnú mionsonraithe sa tuarascáil ar éabhlóid an iompair de bhóthar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear saintréithe codanna áirithe den mhargadh agus tionchar na héabhlóide sin ar shábháilteacht ar bhóithre, ar bhonneagar bóithre, ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh iompair de bhóthar, ar iomaíochas na hearnála, ar nascacht, agus ar aistriú módúil.*** |

*Féadfaidh gnéithe ón tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10g(2) a bheith ionchorpraithe sa tuarascáil. Go háirithe, sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún anailís i dtaobh an bhfuil na coinníollacha cumasúcháin is gá le haghaidh ghlacadh sa mhargadh d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha san Aontas á gcomhlíonadh go sásúil don dáta dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 4b. Go háirithe, déanfar measúnú sa tuarascáil seo, i measc nithe eile, ar na coinníollacha cumasúcháin seo a leanas: líon na gcláruithe ar fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha sna Ballstáit, infhaighteacht agus acmhainneacht bonneagair iomchuí breoslaí ionadúla agus tionchar an chórais trádála astaíochtaí Eorpaigh ar iompar de bhóthar chomh maith le muirir ar úsáideoirí bóithre arna ndifreáil ag astaíochtaí CO2 sna Ballstáit. Ina theannta sin, déanfar measúnú san anailís sin ar na coinníollacha cumasúcháin maidir le glacadh sa mhargadh feithiclí astaíochtaí nialasacha nó cónaisc feithiclí de Chórais Mhodúlacha Eorpacha atá ag gabháil do thrácht idirnáisiúnta sna Ballstáit sin lenar féidir go mbeidh siad i gcúrsaíocht ina gcríocha.*

*Thairis sin, déanfar anailís sa tuarascáil ar an úsáid a bhaintear as scéimeanna den Bheartas Rochtana Cliste (IAP) maidir le forfheidhmiú, agus a n-infhaighteacht agus a gcostéifeachtúlacht á gcur san áireamh. Ina theannta sin, cuirfidh an tuarascáil eolas ar fáil maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch i réimse an iompair de bhóthar atá ábhartha, lena n-áirítear maidir le teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua agus gairis aeraidinimiciúla, chomh maith le leantóirí nó leathleantóirí a bhfuil teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha acu.*

*Mar chuid den tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar*

***éifeachtacht agus tionchar na Treorach seo, ar a mhéid atá cur chun feidhme na Treorach seo tar éis a cuspóirí a bhaint amach agus ar a hidirghníomhú agus a comhoiriúnacht le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.***

***Ar bhonn na dtorthaí sna measúnaithe sin thuas, beidh togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil sin chun an Treoir seo a leasú.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10k – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| I gcás géarchéime, nuair is gá sin ar mhaithe le leas an phobail, agus ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin, féadfaidh na Ballstáit eisceachtaí sealadacha a dheonú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí a úsáidtear sa trácht náisiúnta, ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí. | I gcás géarchéime, nuair is gá sin ar mhaithe le leas an phobail, agus ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin, féadfaidh na Ballstáit eisceachtaí sealadacha a dheonú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toise a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí a úsáidtear sa trácht náisiúnta, ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí. ***Ní fhéadfar an tréimhse sin a athnuachan ach amháin i gcás ina leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10k – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh réasúnú cuí le haon eisceacht den sórt sin agus tabharfar fógra láithreach ina leith don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an eisceacht a deonaíodh láithreach ar a shuíomh gréasáin oifigiúil. | Beidh réasúnú cuí le haon eisceacht den sórt sin agus tabharfar fógra láithreach ina leith don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an eisceacht a deonaíodh láithreach ar a shuíomh gréasáin oifigiúil ***agus ar an tairseach gréasáin Eorpach thiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 4a(1a).*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**

Treoir 96/53/CE

Airteagal 10k – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn géarchéim teagmhas eisceachtúil, gan choinne agus tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál urghnách agus de scála urghnách a tharlaíonn laistigh den Aontas nó lasmuigh de, ag a bhfuil tionchair mhóra dhíreacha nó indíreacha ar réimse an iompair de bhóthar nó ar an ngeilleagar nó ar leas shaoránaigh an Aontais, i gcás ina gcuirtear isteach go mór ar ghnáthfheidhmiú na sochaí, agus i gcás | Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn géarchéim teagmhas eisceachtúil, gan choinne agus tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál urghnách agus de scála urghnách a tharlaíonn laistigh den Aontas nó lasmuigh de, ag a bhfuil tionchair mhóra dhíreacha nó indíreacha ar réimse an iompair de bhóthar nó ar an ngeilleagar nó ar leas shaoránaigh an Aontais, ***lena n-áirítear a sábháilteacht,*** i gcás ina gcuirtear isteach go mór ar ghnáthfheidhmiú na sochaí, |

| | |
|---|---|
| inar gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh ar mhaithe ar leas an phobail.; | agus i gcás inar gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh ar mhaithe ar leas an phobail.; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [dáta glactha+***2 bhliain***] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí chun an tagairt sin a dhéanamh. | 1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [dáta glactha+***1 bhliain]*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí chun an tagairt sin a dhéanamh. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| |
|---|
| 1. Toisí údaraithe uasta le haghaidh na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a) |
| 1.1 Fad uasta |

| | | |
|---|---|---|
| | — mótarfheithicil eile seachas bus | 12.00 m |
| | — leantóir | 12.00 m |
| | — feithicil altach | 16,50 m |
| | — traein bhóthair | 18.75 m |
| | — bus altach | 18.75 m |
| | — bus dhá acastóir | 13.50 m |
| | — bus a bhfuil níos mó ná dhá acastóir aige | 15.00 m |
| | — bus + leantóir | 18.75 m |
| 1.2 Leithead uasta: | | |
| | (a) gach feithicil seachas na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (b) | 2.55 m |
| | (b) forstruchtúir feithiclí cóirithe nó coimeádán cóirithe nó cabhlacha soghluaiste arna n-iompar ag feithiclí | 2.60 m |
| 1.3 Uasairde | | |
| | — aon fheithicil | 4.00 m |
| | — feithiclí nó cónaisc feithiclí a iompraíonn coimeádán amháin nó níos mó in iompair idirmhódúil ag a bhfuil airde sheachtrach caighdeánach 9’ 6’’ (coimeádán d’ardtoilleadh) | 4.30 m |
| 1.4 Forstruchtúir inbhainte agus earraí lastais caighdeánaithe amhail coimeádáin, cuirtear san áireamh iad sna toisí a shonraítear i bpointí 1.1, 1.2, 1.3, 1.6, 1.7, 1.8 agus 4.4. | | |
| 1.4a Má dhéantar aon fhorbhall inbhainte amhail bosca sciála a fheistiú ar bhus, ní mór nach rachaidh fad an bhus, na forbhaill san áireamh, thar an bhfad uasta a leagtar síos i bpointe 1.1. | | |
| 1.5 Aon mhótarfheithicil nó cónasc feithicle atá ag gluaiseacht, ní mór di nó dó a bheith in ann | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| casadh laistigh de ghlanchiorcal dar ga seachtrach 12.50 m agus dar ga inmheánach 5.30 m | | | |
| 1.5a Ceanglais bhreise maidir le busanna | | | |
| | Agus an fheithicil ina stad, cruthófar plána ceartingearach tadhlaíoch le taobh na feithicle a mbeidh a chúl leis an gciorcal aige, rud a dhéanfar trí líne a mharcáil ar an talamh. I gcás feithicil altach, déanfar an dá chuid dhochta a ailíniú leis an bplána. | | |
| | Nuair a bhogfar an fheithicil de chur chuige líne dírí isteach san achar ciorclach a bhfuil tuairisc air i bpointe 1.5, ní rachaidh aon chuid di níos mó ná 0.60 m amach as an bplána ceartingearach sin | | |
| 1.6 An fad uasta idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus cúl an leathleantóra. | | | 12.00 m |
| 1.7 Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, lúide an t-achar idir cúl na feithicle tarraingthe agus tosach an leantóra, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais. | | | 15.65 m |
| 1.8 Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais. | | | 16.40 m |
| 2. Meáchan uasta údaraithe feithicle | | | |
| 2.1 Feithiclí is cuid de chónasc feithicle | | | |
| | 2.1.1 | Leantóir dhá acastóir | 18 dtona |
| | 2.1.2 | Leantóir trí acastóir | 24 thona |
| 2.2 Cónaisc feithiclí | | | |
| | 2.2.1 | Traenacha bóthair ag a bhfuil cúig nó sé acastóir | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | (a) mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leantóir trí acastóir | | 40 tona |
| | | (b) mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leantóir dhá nó trí acastóir | | 40 tona |
| | 2.2.2 | Feithiclí altacha ag a bhfuil cúig nó sé acastóir | | |
| | | (a) | mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir | 40 tona |
| | | (b) | mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir | 40 tona |
| | | (c) | mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir a bhfuil baint aige le hoibríochtaí iompair idirmhódúla | ***42*** tona |
| | | (d) | mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir a bhfuil baint aige le hoibríochtaí iompair idirmhódúla | 44 tona |
| | 2.2.3 | Traenacha bóthair ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leantóir dhá acastóir | | 36 tonna |
| | 2.2.4 | Feithiclí altacha ag a bhfuil ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leathleantóir dhá acastóir, más rud é, maidir leis an fad idir acastóirí an leathleantóra: | | |
| | | 2.2.4.1 | go bhfuil sé 1.3 m nó níos mó ach nach bhfuil sé níos mó ná 1.8 m | 36 tona |
| | | 2.2.4.2 | go bhfuil sé níos mó ná 1.8 m | 36 tonna |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | I gcás ina n-urramaítear meáchan údaraithe uasta (MAW) na mótarfheithicle (18 dtona) agus MAW acastóir teaindim an leathleantóra (20 tona), agus inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, an meáchan údaraithe uasta dá bhforáiltear i bpointe 2.2.4.2, méadófar an meáchan sin 2 thona. | |
| | I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí breosla ionadúil seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2 méadófar iad faoi mheáchan breise na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona. | | | |
| | I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2.1 agus Foroinn 2.2.2, méadófar iad 4 thona. | | | |
| | I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2.3 agus Foroinn 2.2.4, méadófar iad 2 thona. | | | |
| 2.3 Mótarfheithiclí | | | | |
| | 2.3.1 | Mótarfheithiclí dhá acastóir eile seachas busanna: | | 18 dtona |
| | 2.3.2 | busanna dhá acastóir: | | 19.5 tona |
| | 2.3.3 | Mótarfheithiclí trí acastóir: | | 25 tona |
| | 2.3.4 | Mótarfheithiclí trí acastóir inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí. | | 26 tona |
| | 2.3.5 | Mótarfheithiclí ceithre acastóir ag a bhfuil dhá acastóir stiúrtha inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann | | 32 tona |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí | |
| | 2.3.6 | Mótarfheithiclí cúig acastóir ag a bhfuil dhá acastóir stiúrtha inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí. | 40 tona |
| | I gcás feithiclí breosla ionadúil seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bpointí 2.3.1, 2.3.3 agus 2.3.4 d'Fhoroinn 2.3 méadófar iad faoi mheáchan breise na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona. | | |
| | I gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.3, méadófar iad 2 thona. | | |
| 2.4 Busanna altacha trí acastóir | | | 28 tona |
| | I gcás feithiclí breosla ionadúil seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha, an ***meáchan*** údaraithe uasta ***28 dtona*** dá bhforáiltear i ***bhForoinn*** 2.4, méadófar é faoin meáchan breise a éilítear don teicneolaíocht breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona. | | |
| | I gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha, ***méadófar*** an ***meáchan*** údaraithe uasta ***28 dtona*** dá bhforáiltear i ***bhForoinn*** 2.4, faoi 2 thona | | |
| Meáchan údaraithe uasta acastóirí na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) | | | |
| 3.1 Acastóirí aonair | | | |
| | Acastóir neamhthiomána aonair | | 10 tona |
| 3.2 Acastóirí teaindim leantóirí agus leathleantóirí | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach acastóra teaindim thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.2.1 | is lú ná 1 m ($f < 1,0$) | 11 tona |
| | 3.2.2 | idir 1.0 m agus níos lú ná 1.3 m ($1.0 \leq f < 1.3$) | 16 tona |
| | 3.2.3 | idir 1.3 m agus níos lú ná 1.8 m ($1.3 \leq f < 1.8$) | 18 dtona |
| | 3.2.4 | 1.8 m nó níos mó ($1.8 \leq f$) | 20 tona |
| 3.3 Trí-acastóirí leantóirí agus leathleantóirí | | | |
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach trí-acastóra thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.3.1 | 1.3 m nó níos lú ($f \leq 1.3$) | 21 tona |
| | 3.3.2 | is mó ná 1.3 m agus nach mó ná 1.4 m($1.3 < f \leq 1.4$) | 24 thona |
| 3.4 Acastóir tiomána | | | |
| | 3.4.1 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí dá dtagraítear i bpointí 2.2, 2.3 agus 2.4 seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha | 11.5 tona |
| | 3.4.2 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear i bpointí 2.2.1 agus 2.2.2 | 12.5 tona |
| | 3.4.3 | Busanna dhá acastóir ar feithiclí astaíochtaí nialasacha iad | 12.5 tona |
| 3.5 Acastóirí teaindim mótarfheithiclí | | | |
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach acastóra teaindim thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.5.1 | is lú ná 1 m ($f < 1.0$) | 11.5 tona |
| | 3.5.2 | 1.0 m nó níos mó ach níos lú ná 1.3 m ($1.0 \leq f < 1,3$) | 16 tona |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 3.5.3 | 1.3 m nó níos mó ach níos lú ná 1.8 m ($1.3 \leq f < 1.8$) | 18 dtona |
| | | I gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí | 19 dtona |
| 4. Airíonna gaolmhara na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) | | | |
| 4.1 Gach feithicil | | | |
| | An meáchan atá ar iompar ag acastóir tiomána nó acastóirí tiomána feithicle nó cónaisc feithiclí, is gá nach lú an meáchan sin ná 25 % de mheáchan ualaithe iomlán na feithicle nó an chónaisc feithiclí agus í/é á (h)úsáid sa trácht idirnáisiúnta | | |
| 4.2 Traein bhóthair | | | |
| | An fad idir acastóir cúil mótarfheithicle agus acastóir tosaigh leantóra, is gá nach lú é ná 3.00 m | | |
| 4.3 An meáchan údaraithe uasta de réir rothfhaid | | | |
| | Ní rachaidh meáchan údaraithe uasta i dtonaí mótarfheithicle ceithre acastóirí thar cúig oiread an fhaid i méadair idir na hacastóirí tosaigh agus na hacastóirí is faide siar den fheithicil | | |
| 4.4 Leathleantóirí | | | |
| | An fad a thomhaistear go cothrománach idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus aon phointe ag tosach an leathleantóra, ní mór nach rachaidh sé thar 2.04 m | | |

*Leasú*

| | | |
|---|---|---|
| 1. Toisí údaraithe uasta le haghaidh na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a) | | |
| 1.1 Fad uasta | | |
| | — mótarfheithicil eile seachas bus | 12.00 m |
| | — leantóir | 12.00 m |
| | — feithicil altach | 16,50 m |
| | — traein bhóthair | 18.75 m |
| | — bus altach ***trí acastóir*** | 18.75 m |
| | ***— bus altach ceithre acastóir*** | ***21.00 m*** |
| | — bus dhá acastóir | 13.50 m |
| | — bus a bhfuil níos mó ná dhá acastóir aige | 15.00 m |
| | — bus + leantóir | 18.75 m |
| 1.2 Leithead uasta: | | |
| | (a) gach feithicil seachas na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (b) | 2.55 m |
| | (b) forstruchtúir feithiclí cóirithe nó coimeádán cóirithe nó cabhlacha soghluaiste arna n-iompar ag feithiclí | 2.60 m |
| 1.3 Uasairde | | |
| | — aon fheithicil | 4.00 m |
| | — feithiclí nó cónaisc feithiclí a iompraíonn coimeádán amháin nó níos mó in iompair idirmhódúil ag a bhfuil airde sheachtrach caighdeánach 9’ 6’’ (coimeádán d’ardtoilleadh) | 4.30 m |

<table>
<tr><td colspan="4">1.4 Forstruchtúir inbhainte agus earraí lastais caighdeánaithe amhail coimeádáin, cuirtear san áireamh iad sna toisí a shonraítear i bpointí 1.1, 1.2, 1.3, 1.6, 1.7, 1.8 agus 4.4.</td></tr>
<tr><td colspan="4">1.4a Má dhéantar aon fhorbhall inbhainte amhail bosca sciála a fheistiú ar bhus, ní mór nach rachaidh fad an bhus, na forbhaill san áireamh, thar an bhfad uasta a leagtar síos i bpointe 1.1.</td></tr>
<tr><td colspan="4">1.5 Aon mhótarfheithicil nó cónasc feithicle atá ag gluaiseacht, ní mór di nó dó a bheith in ann casadh laistigh de ghlanchiorcal dar ga seachtrach 12.50 m agus dar ga inmheánach 5.30 m</td></tr>
<tr><td colspan="4">1.5a Ceanglais bhreise maidir le busanna</td></tr>
<tr><td rowspan="2"></td><td colspan="3">Agus an fheithicil ina stad, cruthófar plána ceartingearach tadhlaíoch le taobh na feithicle a mbeidh a chúl leis an gciorcal aige, rud a dhéanfar trí líne a mharcáil ar an talamh. I gcás feithicil altach, déanfar an dá chuid dhochta a ailíniú leis an bplána.</td></tr>
<tr><td colspan="3">Nuair a bhogfar an fheithicil de chur chuige líne dírí isteach san achar ciorclach a bhfuil tuairisc air i bpointe 1.5, ní rachaidh aon chuid di níos mó ná 0.60 m amach as an bplána ceartingearach sin</td></tr>
<tr><td colspan="3">1.6 An fad uasta idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus cúl an leathleantóra.</td><td>12.00 m</td></tr>
<tr><td colspan="3">1.7 Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, lúide an t-achar idir cúl na feithicle tarraingthe agus tosach an leantóra, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais.</td><td>15.65 m</td></tr>
<tr><td colspan="3">1.8 Fad uasta na traenach bóthair ón bpointe seachtrach is faide chun tosaigh den láthair lastála taobh thiar den chábán go dtí an pointe seachtrach is faide siar de leantóir an chónaisc, agus an fad sin tomhaiste comhthreomhar leis an bhfad-ais.</td><td>16.40 m</td></tr>
<tr><td colspan="4">2. Meáchan uasta údaraithe feithicle</td></tr>
<tr><td colspan="4">2.1 Feithiclí is cuid de chónasc feithicle</td></tr>
<tr><td></td><td>2.1.1</td><td>Leantóir dhá acastóir</td><td>18 dtona</td></tr>
</table>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2.1.2 | Leantóir trí acastóir | | 24 thona |
| 2.2 Cónaisc feithiclí | | | | |
| | 2.2.1 | Traenacha bóthair ag a bhfuil cúig nó sé acastóir | | |
| | | (a) mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leantóir trí acastóir | | 40 tona |
| | | (b) mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leantóir dhá nó trí acastóir | | 40 tona |
| | 2.2.2 | Feithiclí altacha ag a bhfuil cúig nó sé acastóir | | |
| | | (a) | mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir | 40 tona |
| | | (b) | mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir | 40 tona |
| | | (c) | mótarfheithicil dhá acastóir lena ngabhann leathleantóir trí acastóir a bhfuil baint aige le hoibríochtaí iompair idirmhódúla | ***44*** thona |
| | | (d) | mótarfheithicil trí acastóir lena ngabhann leathleantóir dhá nó trí acastóir a bhfuil baint aige le hoibríochtaí iompair idirmhódúla | 44 thona |
| | 2.2.3 | Traenacha bóthair ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leantóir dhá acastóir | | 36 tonna |
| | 2.2.4 | Feithiclí altacha ag a bhfuil ceithre acastóir arb é atá iontu mótarfheithicil dhá acastóir agus leathleantóir dhá acastóir, más rud é, maidir leis an fad idir acastóirí an leathleantóra: | | |
| | | 2.2.4.1 | go bhfuil sé 1,3 m nó níos mó ach nach bhfuil sé níos mó ná 1,8 m | 36 tonna |

<table>
<tr><td rowspan="5"></td><td rowspan="2"></td><td rowspan="2">2.2.4.2</td><td>go bhfuil sé níos mó ná 1,8 m</td><td>36 tonna</td></tr>
<tr><td colspan="2">I gcás ina n-urramaítear meáchan údaraithe uasta (MAW) na mótarfheithicle (18 dtona) agus MAW acastóir teaindim an leathleantóra (20 tona), agus inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, an meáchan údaraithe uasta dá bhforáiltear i bpointe 2.2.4.2, méadófar an meáchan sin 2 thona.</td></tr>
<tr><td colspan="4">I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear mótarfheithiclí breosla mhalartaigh seachas mótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta, dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2, faoi mheáchan breise na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona.</td></tr>
<tr><td colspan="4">I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear mótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta, dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2.1 agus Foroinn 2.2.2, 4 thona.</td></tr>
<tr><td colspan="4">I gcás cónaisc mótarfheithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2.3 agus Foroinn 2.2.4, méadófar iad 2 thona.</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="4">I gcás cónaisc feithiclí lena n-áirítear leantóirí nó leathleantóirí a bhfuil teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha acu, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.2.1, 2.2.2, 2.2.3 agus 2.2.4, méadófar iad 2 thona.</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="4">I gcás ina mbeidh feidhm ag níos mó ná ceann amháin de na méaduithe le haghaidh cónaisc feithiclí a leagtar amach thuas maidir le cónasc feithicle aonair, beidh feidhm ag na méaduithe sin go carnach.</td></tr>
<tr><td colspan="5">2.3 Mótarfheithiclí</td></tr>
<tr><td rowspan="3"></td><td>2.3.1</td><td colspan="2">Mótarfheithiclí dhá acastóir eile seachas busanna:</td><td>18 dtona</td></tr>
<tr><td>2.3.2</td><td colspan="2">busanna dhá acastóir:</td><td>19.5 tona</td></tr>
<tr><td>2.3.3</td><td colspan="2">Mótarfheithiclí trí acastóir:</td><td>25 thona</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 2.3.4 | Mótarfheithiclí trí acastóir inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí. | 26 thona |
| | 2.3.5 | Mótarfheithiclí ceithre acastóir ag a bhfuil dhá acastóir stiúrtha inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí | 32 thona |
| | 2.3.6 | Mótarfheithiclí cúig acastóir ag a bhfuil dhá acastóir stiúrtha inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9,5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí. | 40 tona |
| | I gcás ***mótarfheithiclí*** breosla ionadúil seachas ***mótarfheithiclí*** astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bpointí 2.3.1, 2.3.3 agus 2.3.4 d'Fhoroinn 2.3 méadófar iad faoi mheáchan breise na teicneolaíochta breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona. | | |
| | I gcás ***mótarfheithiclí*** astaíochtaí nialasacha, na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear i bhForoinn 2.3, méadófar iad 2 thona. | | |
| 2.4 Busanna altacha trí acastóir | | | 28 dtona |
| ***2.5 Busanna altacha ceithre acastóir*** | | | ***32 thona*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | I gcás ***mótarfheithiclí*** breosla ionadúil seachas ***mótarfheithiclí*** astaíochtaí nialasacha, na ***meáchain*** údaraithe uasta 28 dtona dá bhforáiltear i ***bhForoinn*** 2.4 ***agus i bhForoinn 2.5***, méadófar é faoin meáchan breise a éilítear don teicneolaíocht breosla mhalartaigh le huasmhéid 1 tona. | | |
| | I gcás ***mótarfheithiclí*** astaíochtaí nialasacha, na ***meáchain*** údaraithe uasta dá bhforáiltear ***i bhForoinn*** 2.4 ***agus i bhForoinn 2.5***, méadófar iad 2 thona. | | |
| 3 Meáchan údaraithe uasta acastóirí na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) | | | |
| 3.1 Acastóirí aonair | | | |
| | Acastóir neamhthiomána aonair | | 10 tona |
| 3.2 Acastóirí teaindim leantóirí agus leathleantóirí | | | |
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach acastóra teaindim thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.2.1 | is lú ná 1 m (f < 1.0) | 11 tona |
| | 3.2.2 | idir 1.0 m agus níos lú ná 1.3 m (1.0 ≤ f < 1.3) | 16 thona |
| | 3.2.3 | idir 1.3 m agus níos lú ná 1.8 m (1.3 ≤ f < 1.8) | 18 dtona |
| | 3.2.4 | 1.8 m nó níos mó (1.8 ≤ f) | 20 tona |
| 3.3 Trí-acastóirí leantóirí agus leathleantóirí | | | |
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach trí-acastóra thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.3.1 | 1.3 m nó níos lú (f ≤ 1.3) | 21 tona |
| | 3.3.2 | is mó ná 1.3 m agus nach mó ná 1.4 m(1.3 <f ≤ 1.4) | 24 thona |
| 3.4 Acastóir tiomána | | | |
| | 3.4.1 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí dá dtagraítear i bpointí 2.2, 2.3 | 11.5 tona |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | agus 2.4 seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha | |
| | 3.4.2 | Acastóir tiomána na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear i bpointí 2.2.1 agus 2.2.2 | 12.5 tona |
| | 3.4.3 | Busanna dhá acastóir ar feithiclí astaíochtaí nialasacha iad | 12.5 tona |
| | ***3.4.4*** | ***Busanna trí acastóir ar feithiclí astaíochtaí nialasacha iad*** | ***12.5 tona*** |
| 3.5 Acastóirí teaindim mótarfheithiclí | | | |
| | Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach acastóra teaindim thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí: | | |
| | 3.5.1 | is lú ná 1 m (f < 1.0) | 11.5 tona |
| | 3.5.2 | 1.0 m nó níos mó ach níos lú ná 1.3 m (1.0 ≤ f < 1,3) | 16 thona |
| | 3.5.3 | 1.3 m nó níos mó ach níos lú ná 1.8 m (1.3 ≤ f < 1.8) | 18 dtona |
| | | I gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tona meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí. ***I gcás mótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar suim uasta mheáchain an acastóra in aghaidh gach acastóra teaindim faoi 1 thona.*** | 19 dtona |
| ***3.6 Trí-acastóirí mótarfheithiclí*** | | | |
| | ***Ní rachaidh suim mheáchain an acastóra in aghaidh gach trí-acastóra thar an méid a leanas, má bhíonn an fad (d) idir na hacastóirí:*** | | |
| | ***3.6.1*** | ***is lú ná 1.3 m (f < 1.3)*** | ***21 tona*** |
| | ***3.6.2*** | ***1.3 m nó níos mó ach níos lú ná 1.8 m (1.3 ≤ f < 1.8)*** | ***24 thona*** |
| 4. Airíonna gaolmhara na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) | | | |

| | |
|---|---|
| 4.1 Gach feithicil | |
| | An meáchan atá ar iompar ag acastóir tiomána nó acastóirí tiomána feithicle nó cónaisc feithiclí, is gá nach lú an meáchan sin ná 25 % de mheáchan ualaithe iomlán na feithicle nó an chónaisc feithiclí agus í/é á (h)úsáid sa trácht idirnáisiúnta |
| 4.2 Traein bhóthair | |
| | An fad idir acastóir cúil mótarfheithicle agus acastóir tosaigh leantóra, is gá nach lú é ná 3.00 m |
| 4.3 An meáchan údaraithe uasta de réir rothfhaid | |
| | Ní rachaidh meáchan údaraithe uasta i dtonaí mótarfheithicle ceithre acastóirí ***nó cúig acastóirí*** thar cúig oiread an fhaid i méadair idir na hacastóirí tosaigh agus na hacastóirí is faide siar den fheithicil |
| 4.4 Leathleantóirí | |
| | An fad a thomhaistear go cothrománach idir ais pionna ceann aise an chúigiú roth agus aon phointe ag tosach an leathleantóra, ní mór nach rachaidh sé thar 2.04 m |